AN STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE

Is é atá sa Straitéis 20 Bliain ná fís an Rialtais don Ghaeilge as seo go dtí 2030. Is iad na h-aidhmeanna sonracha atá sa Straitéis:

- Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge gach lá sa tír lasmuigh den gcóras oideachais a mhéadú ó 83,000 go 250,000
- An líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a mhéadú faoi 25%
- An líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a ardú

THE 20-YEAR STRATEGY FOR THE IRISH LANGUAGE

The 20-Year Strategy contains the Government's vision for the Irish Language up to 2030. The specific objectives of the strategy are:

- Increase the number of daily speakers outside of the education system from 83,000 to 250,000
- Increase the number of daily speakers in the Gaeltacht regions by 25%
- Increase the number of people that use State services through the Irish Language and can access television, radio and print media through the language

Cainteoirí Gaeilge
Irish Speaking Population

	Daonra iomlán Population	Líon na gcainteoirí Gaeilge Number of Irish speakers	Cainteoirí laethúla* Daily speakers*	Sprioc 2030 Target for 2030
Éire Ireland	**4,558,252**	**1,774,437**	**77,185**	**250,000** ⬆+69%
An Ghaeltacht The Gaeltacht	**96,628**	**66,238**	**23,175**	**c.30,000** ⬆+25%

* Lasmuigh den gcóras oideachais
* Outside education

Daonáireamh 2011
Census 2011

FEIDHMIÚ ACHT NA GAELTACHTA, 2012 AGUS AN STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE

Beidh Údarás na Gaeltachta ag déanamh comhordú ar fheidhmiú Acht na Gaeltachta, 2012 agus ar an Straitéis 20 Bliain laistigh den nGaeltacht

Beidh Foras na Gaeilge ag déanamh comhordú ar phleanáil teanga na mBailte Seirbhísí Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge atá luaite san Acht lasmuigh den nGaeltacht

IMPLEMENTING THE GAELTACHT ACT 2012 AND THE 20-YEAR STRATEGY FOR THE IRISH LANGUAGE

Údarás na Gaeltachta will co-ordinate the implementation of the Gaeltacht Act 2012 and the 20-Year Strategy within the Gaeltacht areas

Foras na Gaeilge will co-ordinate language planning in the Gaeltacht Service Towns and for the Irish Language Networks outside of the Gaeltacht areas

Déan teagmháil le hoifig áitiúil Údarás na Gaeltachta. Contact your local Údarás na Gaeltachta Office:

Na Forbacha
091-503100
gaillimh@udaras.ie

Páirc Ghnó
Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
074-9560100
dnag@udaras.ie

Páirc Ghnó
Dhaingean Uí Chúis
Daingean Uí Chúis
066-9150100
ciarraí@udaras.ie

Baile Mhic Íre
026-45366
corcaigh@udaras.ie

Béal an Mhuirthead
097-81418
maigheo@udaras.ie

Suíomh Idirlíon
www.udaras.ie

Breis eolais:
More info:

Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
BAC
1850-325325
eolas@forasnagaeilge.ie
www.gaeilge.ie

An Roinn Ealaíon,
Oidhreachta & Gaeltachta
Na Forbacha,
Co na Gaillimhe
091-503700
www.ahg.gov.ie

Údarás na Gaeltachta

AN GHAELTACHT
THE GAELTACHT

an ród seo romhainn
the way forward

DO CHEANTAR | DO PHOBAL | DO THEANGA
YOUR AREA | YOUR COMMUNITY | YOUR LANGUAGE

Acht na Gaeltachta, 2012 agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

The Gaeltacht Act 2012 and the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030

Údarás na Gaeltachta

TÚS NUA...

Léiríonn an taighde is déanaí go bhfuil baol ann nach mairfidh an Ghaeilge beo i bhfad eile mar ghnáth theanga laethúil i measc an phobail sna ceantracha Gaeltachta ar fad.

Chun an Ghaeltacht agus an teanga a thabhairt slán, ní mór díriú láithreach ar dhearcadh dearfach a chothú, ar líofacht sa teanga a fheabhsú, agus a chinntiú gur féidir an teanga a úsáid i ngach réimse de ghnáth imeachtaí an lae.

Le tabhairt faoin ndúshlán seo d'fhoilsigh an Rialtas an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* agus tháinig *Acht na Gaeltachta, 2012* i bhfeidhm.

Impleachtaí Acht na Gaeltachta, 2012

- Beidh stádas Gaeltachta bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir gheografacha
- Tá 26 Limistéir Pleanála Teanga (LPT) ainmnithe
- Éilíonn an tAcht go n-ullmhófar Plean Teanga do gach LPT
- Roghnófar Ceanneagraíocht chun plean teanga a ullmhú don LPT laistigh de thréimhse 2 bhliain
- Beidh 7 mbliana ag an gCeanneagraíocht chun an plean aontaithe a fheidhmiú
- Féadfaidh an tAire sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta baile laistigh den LPT, nó taobh leis, a ainmniú chun bheith ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Seo é an baile is mó a dhéanann freastal ar riachtanais ghnó agus seirbhísí pobail an LPT. Beidh Ceanneagraíocht le roghnú i ngach Baile Seirbhíse Gaeltachta chun plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú

A NEW ERA...

Recent research reveals that the future existence of the Irish language as a normal daily means of communication is in danger in all the Gaeltacht areas.

To ensure the survival of the language in the Gaeltacht areas, it is imperative that measures are taken to raise awareness, improve fluency and ensure that the language can be used in all everyday activities.

To address the issues, the Government published the *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030* and enacted the *Gaeltacht Act 2012*.

The Implications of the 2012 Gaeltacht Act

- In future, Gaeltacht status will be based on linguistic criteria rather than on geographical areas
- 26 Language Planning Areas (LPA) have been identified
- The Act requires that a language plan be prepared for each LPA
- A Lead Organisation will be selected to prepare a language plan for the LPA within a two year timeframe
- The agreed language plan will have a 7 year implementation period
- The Minister of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht may designate a town within or adjacent to the LPT to be a Gaeltacht Service Town. This will be the principal town which caters for the business requirements and community services of the people in the LPA. A Lead Organisation will be selected in each Gaeltacht Service Town to prepare and implement a language plan

NA LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA
THE LANGUAGE PLANNING AREAS



01	Tuaisceart Dhún na nGall	**07**	An Ghaeltacht Láir	**18**	Bearna & Cnoc na Cathrach
02	Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach & Machaire Rabhartaigh	**08**	Dún na nGall Theas	**19**	Oirthear Chathair na Gaillimhe
03	Toraigh	**09**	Maigh Eo Thuaidh	**20**	An tEachréidh
04	Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire & Loch an Iúir	**10**	Maigh Eo Thiar	**21**	Ciarraí Thiar
05	Na Rosa	**11**	Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh	**22**	Ciarraí Theas
06	Árainn Mhór	**12**	Conamara Láir	**23**	Múscraí
		13	An Cheathrú Rua	**24**	Cléire
		14	Ceantar na nOileán	**25**	Na Déise
		15	Oileáin Árann	**26**	Ráth Chairn & Baile Ghib
		16	Cois Fharraige		
		17	Maigh Cuilinn		

AN PRÓISÉAS PLEANÁLA TEANGA
THE LANGUAGE PLANNING PROCESS



PLEAN TEANGA 7 MBLIANA POBAL BHUNAITHE

7 YEAR COMMUNITY BASED LANGUAGE PLAN